

Measúnú Rangbhunaithe 2: Tóraíocht bhrí an duine



Tóraíocht Bhrí an Duine

In imeacht trí seachtaine, le tacaíocht/treoir ón múinteoir, déanfaidh an scoláire fianaise ealaíonta nó ailtireachta nó seandálaíochta a fhiosrú a thaispeánann bealaí ina ndeachaigh daoine i ngleic le creideamh reiligiúnach/sa tóir ar bhrí agus cuspóir na beatha.



Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an topaic a roghnófar. D'fhéadfadh ábharthacht ar leith a bheith ag baint le Torthaí Foghlama áirithe do Tóraíocht bhrí an duine Thíos, mar atá:

Expressing Beliefs

1.5fiosrú a dhéanamh ar théamaí reiligiúnacha i gcultúr na linne seo san ealaín, i gceol, i litríocht nó i scannáin

1.6scrúdú a dhéanamh agus léirthuiscint a fháil ar an gcaoi ina gcuireann daoine creideamh reiligiúnach in iúl i ndeasghnátha, in ionaid adhartha foirmeálta agus in ionaid bheannaithe eile

Exploring Questions

2.1taighde a dhéanamh ar fhianaise ealaíonta, ailtireachta nó sheandálaíochta a léiríonn bealaí ina ndearna daoine iarracht brí agus cuspóir a thabhairt dá saol

2.2machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina ndeachaigh mór-reiligiún domhanda amháin agus dearcadh neamhreiligiúnach ar an domhan i ngleic leis na ceisteanna móra faoin saol, amhail, cén fáth go bhfuilimid anseo? Conas ba cheart dúinn maireachtáil? Céard a tharlaíonn nuair a fhaighimid bás?

2.10 tarraingt le chéile a dhéanamh ar an léargas a fhaightear faoin gcaoi ina dtéann daoine ag a bhfuil creidimh reiligiúnacha agus tuiscintí difriúla ar an saol i ngleic le ceisteanna maidir le brí, cuspóir agus caidrimh, agus machnamh a dhéanamh ar an léargas sin

Bealaí ar féidir ábhar le fiosrú a roghnú

Ealaín	Ailtireacht	Seandálaíocht
Pictiúr péinteáilte/sraith pictiúr péinteáilte	Reilig	Teampaill sheanda (m.sh. Teampall Máigheach nó Astacach)
Dealbh, píosa dealbhóireachta nó séadchomhartha	Mosc	Abhainn naofa
Saothar ceoil nó amhrán	Teampall	Tuama adhlactha
Scannán nó dráma	Scrín	Cosán oilithrigh
Srl.	Séipéal nó Ardeaglais	Tobar beannaithe
	Srl.	Srl.

